

**AN ROINN OIDEACHAIS**

**AN ARDTEISTIMÉIREACTH**

**SIOLLABAS CUNTASAÍOCHTA**

**(ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL**

## Siollabas Cuntasaíochta na hArdteistiméireachta

### *Gnáth agus Ardleibhéil*

#### **1. Réamhrá**

- 1.1 Is rogha Staidéir Ghnó í an Chuntasaíocht taobh istigh de chlár na hArdteistiméireachta. Cuimsíonn sí gnéithe den saol gnó agus sóisialta nach ndéantar tagairt dóibh in aon ábhar eile sa chlár san. Baineann sé le hullmhú, taifeadadh, baint amach, cur i láthair agus anailís a dhéanamh ar fhaisnéis airgeadais d'fhonn cinneadh eacnamaíoch a dhéanamh.
- 1.2 Tá ról dúbailte ag an ábhar san oideachas sa mhéid go bhfuil gné phraiticiúil agus theoriciúil ag baint leis atá nasctha le chéile go hiomlán tríd an siollabas. Is saghas cumarsáid é le teanga agus teicníochtaí sonracha a ullmhaíonn mic léinn le haghaidh mórán gnéithe den ghnáthshaol airgeadais, gnó agus sóisialta.
- 1.3 Tá Cuntasaíocht tar éis áit thábhachtach a ghlacadh in oideachas daoine óga ní hamháin ar chúiseanna eacnamaíochta ach freisin de bharr rannpháirtíocht shaoránach agus ról éagsúil acu i mbun clubanna, cumann agus gnóthaí de gach sórt.
- 1.4 Mar ábhar, cothaíonn Cuntasaíocht forbairt phearsanta an duine aonair mar atá léirithe sa rannóg den doiciméad seo a bhaineann le Réasúnaíocht. Go háirithe, déantar tionscaint phearsanta agus fiontraíocht a chothú trí fhócas an chlár ar réiteach fadhbanna.
- 1.5 Cé go bhfuil an clár ceaptha chun leanúint ar aghaidh ó Staidéar Gnó an Teastais Shóisearaigh, tá soláthar déanta laistigh de chun go mbeidh mic léinn atá forásta agus dea-spreagtha in ann staidéar a dhéanamh ar an ábhar agus iad ag dul isteach i gClár na hArdteistiméireachta, gan buntáiste an chúlra san.
- 1.6 Tá an cúrsa ceaptha chun freastal ar an am atá ann faoi láthair ach é solúbtha i dtaca le cúrsaí forbartha amach anseo. Tá sé tábhachtach go háirithe go bhfuil an cúrsa cuntasaíochta a thairgítear do mhic léinn oiriúnach dá gcumais, dá riachtanais agus dá spéiseanna agus go léiríonn sé mianach leathan an ábhair agus an acmhainn atá ann chun cur le forbairt mac léinn.

## **2. Réasúnaíocht do Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta**

2.1 Tá ról an-dearfach ag Cuntasaíocht in oideachas ginearálta na mac léinn sinsearacha. Cothaíonn sí comhcheangal sainiúil de luachanna, dhearcadh agus scileanna laistigh den timthriall sinsearach. Tá ionad ar leith ag Cuntasaíocht taobh istigh d'aicme an Staidéir Ghnó. Tá staidéar ar an gCuntasaíocht fíorluachmhar agus tá baint díreach aige le saol an lae inniu agus leis an todhchaí i gcás gach duine óg sa mhéid seo a leanas:

- cothaíonn sé fadhbréiteach agus scileanna ríomhaireachta maille le feasacht agus aitheantas i leith na dtorthaí a bhaineann le hearráid.
- cothaíonn sé scileanna in úsáid figiúirí, i gcumarsáid ghnó, in anailís agus i ndéanamh cinnidh.
- soláthraíonn sé rogha ábhar do na mic léinn úd a bhfuil infheidhmeacht acu i scileanna uimhriúla.
- saothraíonn sé meabhairsmacht, cothaíonn sé dianmhachnamh, smaointeoireacht chriticiúil, eagrú loighciúil agus cur i láthair ordúil.
- éascaíonn sé sealbhú teanga a úsáidtear i gcúrsaí cumarsáide go forleathan taobh istigh den saol gnó agus den sochaí i gcoitinne.
- nascann sé an próiseas cuntasaíochta le Teicneolaíocht an Eolais.
- cothaíonn sé coincheap na freagrachta.

2.2 Ar an ábhar sin tá Cuntasaíocht ina leas pearsanta agus ina buntáiste do mhic léinn pé acu a dtéann siad isteach sa líon saothair láithreach bonn nó an dtéann siad ar aghaidh chuig oideachas ag an tríú leibhéal agus má bhíonn siad páirteach in eagraíochtaí deonacha.

## **3. Prionsabail a Bhaineann le Dearadh Cúrsa**

3.1 Chuaigh na prionsabail seo a leanas i gcion ar dhearadh an tsíollabais chuntasaíochta:

- cúrsa comónta ag dhá leibhéal chun aidhmeanna agus cuspóirí an chúrsa a chomhlíonadh.

- cúrsa atá struchtúrtha chun leanúnachas ó na Gnáth agus na hArdleibhéil a thairgítear i Staidéar Gnó sa Teastas Sóisearach a sholáthar - agus forbairt a dhéanamh orthu.
- solúbthacht sa dearadh a dhéanann freastal ar riachtanais na haimsire seo ach fós atá inniúil ar chur in oiriúint do chúrsaí amach anseo.
- an cohórt múinteoirí atá ann faoi láthair a bheith ábalta é a mhúineadh laistigh den c. 180 uair an chloig teagaisc agus de na hacmhainní atá ar fáil.
- leibhéal agus aois na mac léinn atá i ndiaidh an Teastais Shóisearaigh a aithint sa chaoi gur féidir dul ar aghaidh chuig doimhneacht chuí agus dúshlán atá oiriúnach don dá leibhéal.
- mic léinn a ullmhú le haghaidh breisoideachais chomh maith leis an saol oibre agus an saol aosach.

#### **4. Forbairt Phearsanta agus Forbairt ó thaobh Dearcaidh**

4.1 Tá an siollabas Cuntasaíochta ceaptha chun na nithe seo a leanas a chothú i mic léinn:

- mothú cruinnis agus aird ar mhionchuntas.
- tréithe mar shlacht, dhianmhachnamh agus bhuanseasmacht a shaothrú.
- tuiscint do chuntais mar ghné den chumarsáid agus a bheith muiníneach as iad a léamh.
- dearcadh dearfach i leith:
  - (a) iompar eiticiúil
  - (b) spreagthacht an bhrabúis
  - (c) fiontraíocht
  - (d) nuálaíocht agus forbairt theicneolaíoch
- cumas chun breathnú ar cheisteanna ina n-iomláine, chun scileanna cuí fadhbréitigh a aimsiú agus chun breithiúnais fhiúntacha a dhéanamh.
- a bheith muiníneach as cúrsaí a phlé le hinstiúidí airgeadais.

4.2 San iomlán cothaíonn an siollabas Cuntasaíochta sa mhac léinn, dea-thréithe oibre, inniúlacht, freagracht, mothú gnóthachtála i saothar a deineadh go maith agus ardú féinmhuiníne.

## 5. Aidhmeanna

5.1 Oibriú ar mhaithe le hoideachas ginearálta atá cothrom agus cuí a chinnteoidh forbairt phearsanta agus shóisialta gach mac léinn, chomh maith le coincheap na freagrachta a chothú.

5.2 Feasacht i leith an diminsiúin a bhaineann leis an timpeallacht ghnó inár saol a chruthú agus eolas, tuiscint agus scileanna a chur ar fáil do gach mac léinn a chinnteoidh cumas pearsanta agus rannpháirtíocht fhreagrach san timpeallacht seo atá athraitheach agus dúshlánach.

5.3 Réimse staidéir a chur ar fáil a spreagfaidh tionscnamh agus a chothóidh i ngach mac léinn féintuilleamaí, eagrú intinne, smaointeoireacht atá soiléir agus loighciúil, géire intinne, scileanna criticiúla, nósanna pleanála, modhanna fiosraithe agus próisis trínar féidir cruinneas a chinntiú.

5.4 Ábhar ar an gcuraclam a thairiscint a bhfuil feidhm phraiticiúil leis go príomhdha agus a chothaíonn i ngach mac léinn uimhirtheacht agus eolas agus tuiscint i leith gnó agus fiontraíochta trí úsáid a bhaint as figiúirí, ríomhaireacht agus staidrimh.

5.5 Mic Léinn a chur in aithne do ghnéithe den ghnó agus den-fhiontraíocht d'fhonn iad a threorú chuig gairm agus an saol oibre, agus chuig staidéar breise i gcuntasáíocht nó mar bhonn do bhreiseoideachas.

## 6. Cuspóirí

6.1 Cabhrú le mic léinn cumas a fhorbairt chun:

- Ráitis airgeadais a ullmhú, a thuiscint, a léirmhíniú agus a anailísiú le muinín.
- Tuiscint a bheith acu ar ráitis airgeadais agus leas a bhaint astu chun críche cumarsáid ghnó.
- Feidhm a bhaint as teicnócht anailíseach chun teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis airgeadais chun críche cinneadh a dhéanamh:
  - Tuarascála a bhaineann leis an ábhar a ullmhú agus leas á bhaint as faisnéis airgeadais.

6.2 Chun na scileanna agus na próisis seo a leanas a fhorbairt i mic léinn - cinn a bhaintear amach go háirithe trí chuntasáíocht:

- cinnteoireacht phearsanta agus ghnó ar bhonn eolais.
- próisis chuntasáíochta agus eolas mar leas pearsanta.
- scileanna ríomhaireachta, fadhbréitigh, cur i láthair agus litearthachta.

- scileanna achoimrithe agus léirmhíithe.

6.3 Cumas a fhorbairt sna mic léinn cuntasáíocht a nascadh le feidhmiúcháin ríomhaire atá bainteach leis an scéal.

6.4 Mic léinn a chur ar an eolas faoin gcuntasáíocht mar mhodh chun taifeadadh, anailísiú agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht gheilleagrach agus ar an ábhar sin meas a sholáthar do mhic léinn ar an tábhacht a ghabhann le mionchuntas, dátaí agus cruinneas mar a bhaineann siad le bearta cuntasáíochta agus ríomhaireachta.

6.5 Tuiscint a sholáthar do mhic léinn ar an gcreat eiticíúil agus rialúcháin a théann i gcion ar agus a stiúran ullmhúchán ráiteas airgeadais.

6.6 Chun forbairt sna mic léinn:

- meas ar mhianach agus ar fheidhm na cuntasáíochta.
- tuiscint ar na cuspóirí, na coincheapa agus na gnáis a bhaineann le cuntasáíocht airgeadais.
- máistreacht ar phróisis bhunúsacha cuntasáíochta, a gcuid rialachán agus norm.
- tuiscint ar phrionsabail agus ar theicníocht chuntasáíochta agus an fheidhm a d'fhéadfaí a bhaint astu i gcás raon de ghnéithe agus de chineálacha fiontraíochta.
- eolas faoi na prionsabail agus an cleachtas a bhaineann le cuntasáíocht bhainistíochta ag cur san áireamh teicnící buiséadaithe agus rialú buiséid.
- tuiscint ar an mbonn faoina ullmhaítear tuarascála cuntasáíochta agus na teorainneacha atá le heolas dá leithéid.
- tuiscint ar an ngaol atá idir cuntasáíocht agus réimsí eile gnó.
- dearcadh díograise, míuíníne agus féintuilleamaí de bharr cumais i gcleachtas cuntasáíochta.

## **7. Measúnú**

7.1 Déanfar measúnú ar an siollabas de réir cuspóirí an tsiollabais.

7.2 Déanfar iarrthóirí a mheasúnú ar a gcumas chun:

- eolas ar a bhfuil sa siollabas a thabhairt chun cuimhne agus a léiriú.
- tuiscint a léiriú ar an téarmaíocht atá lárnach don siollabas.
- gnáis chuntasáíochta, prionsabail agus coincheapa a chur i bhfeidhm d'fhonn fadhbanna cuntasáíochta a réiteach.

- ráitis airgeadais a ullmhú agus a chur i láthair.
- sonraí atá tugtha a léirmhíniú, a anailisiú agus a mheas.
- an próiseas cuntasáíochta a nascadh le feidhmiúcháin ríomhaire atá bainteach leis an scéal.

### 7.3 Modhanna Measúnaithe.

Déanfar Cuntasáíocht a mheasúnú ag dhá leibhéal, Gnáthleibhéal agus Ardléibhéal. Ag an dá leibhéal san, scrúdófar cuspóirí an tsíollabais tré scrúdú scríofa ceann cúrsa. (Déanfar meastóireacht, taréis scéime phíolótach, cibé an mbeadh sé indéanta tasc i bhfeidhmiúcháin ríomhairí a thabhairt isteach chun críche measúnaithe.)

### 7.4 Difreálú na Leibhéal.

Tá dhá phríomhdhifríocht idir Ardléibhéal agus Gnáthleibhéal:

- struchtúr an tsíollabais: laistigh den síollabas tá ábhar áirithe ceaptha don ardléibhéal amháin (AL).
- doimhneacht ionramhála: déantar ionramháil níos doimhne ar an ábhar ag an ardléibhéal. Ní foláir do mhic léinn ag an ardléibhéal doimhneacht eolais agus tuisciana níos fearr a léiriú i leith na gcoincheapa agus na gceisteanna chomh maith le hinniúlacht i scileanna, i bhfeidhmiúcháin agus in anailís.

### Ábhar an tSiollabais.

#### 8.1 Creat Coincheapúil na Cuntasáíochta

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- mianach agus feidhm an chreat choincheapúil i gcuntasáíocht:
  - na cuspóirí a bhaineann le tuairisciú airgeadais.
  - úsáideoirí an eolais a bhaineann le cuntasáíocht airgeadais.
- na saintréithe cainníochtúla inmhianaithe den eolas cuntasáíochta mar ábharthacht, iontaofacht, intuigtheacht agus comparáideacht.
- Coincheapa, boinn agus polasaithe cuntasáíochta.
- Na coincheapa bunúsacha cuntasáíochta, in SSAP 2.
  - coincheap an ghnóthais leantaigh
  - coincheap an fhabhráithe
  - coincheap na comhsheasmhachta
  - coincheap na stuamachta
- Coincheapa, gnáis agus prionsabail eile, mar:

- coincheap an eintitis
- coincheap thomhas an airgid
- coincheap na hábharthachta
- príonsabal an réadaithe
- príonsabail iontrála dúbailte sa leabharchoiméad
- gnás thréimhse an chuntais

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- tuiscint a léiriú don riachtanas atá ann do chreat coincheapúil cuntasáíochta.
- a bheith in ann cuntas a thabhairt ar na príomhchodanna ba chóir a fháil i gcreat coincheapúil cuntasáíochta.
- a bheith eolach agus a bheith ábalta tuiscint a léiriú ar na príomhchoincheapa, nósanna agus príonsabail a chuirtear i bhfeidhm in ullmhú ráiteas airgeadais.
- a bheith ábalta an difríocht idir coincheapa, boinn agus polasaithe cuntasáíochta a mhiniú (AL).

## 8.2 Creat Rialúcháin na Cuntasáíochta (AL)

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- mianach agus cuspóirí rialú thuairisciú airgeadais.
- na príomheagraíochtaí rialúcháin.
  - An Rialtas
  - An tAontas Eorpach
  - an ghairm cuntasáíochta
  - An Stocmhalartán
- An mheicníocht rialúcháin a úsáideann an Rialtas, An tAontas Eorpach, an ghairm cuntasáíochta agus An Stocmhalartán.
- An tábhacht a bhaineann leis an léargas fírinneach cóir.
- Ról an iniúcháora.
- Na nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar rialú thuairisciú airgeadais.

Tar éis dó/di an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- tuiscint a léiriú ar mhianach agus ar chuspóirí rialú thuairisciú airgeadais.
- a bheith feasach ar na príomheagraíochtaí rialúcháin agus ar chonas mar a

rialáíonn siad tuairisciú airgeadais.

- a bheith ábalta cuntas a thabhairt ar an mheicníocht le caighdeáin chuntasaíochta a leagan síos.
- An tábhacht a bhaineann leis an léargas fírinneach cóir a thuiscint.
- Ról an iniúcháora i rialú thuairisciú airgeadais a thuiscint.
- A bheith ábalta cuntas a thabhairt ar na nósanna imeachta a úsáidtear chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán a bhaineann le tuairisciú airgeadais.

### 8.3 Cuntais Chuntasaíochta

#### 8.3.1 **Leabharchoimeád Iontrála Dúbailte.**

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- An fheidhm atá le cuntais chuntasaíochta.
- Céimeanna i gcuntasaíocht.
- Doiciméid Fhoinse agus Leabhair Lae (Leabhar Cúnta san áireamh).
- Leabharchoimeád iontrála dúbailte agus an comhardú trialach.
- An difríocht idir caipiteal agus ioncam.
- Cáin bhreisluacha agus asbhaintí reachtúla.
- Fabhruithe, Réamhíocaíochtaí agus soláthairtí.
- Dímhéas agus luachmhéadú.

Tar éis dó/di an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- a bheith feasach ar an riachtanas atá ann do chuntais chuntasaíochta.
- a bheith eolach ar chathain a chuirtear agus a fhaightear Doiciméid Fhoinse.
- an fheidhm atá le gach leabhar lae a thuiscint.
- a bheith in ann tuiscint a léiriú ar leabharchoimeád iontrála dúbailte agus ar an bhfeidhm agus ar na teorainneacha atá leis an gcomhardú trialach.
- a thuiscint agus a bheith in ann idirdhealú a dhéanamh idir míreanna caipitil agus ioncaim.

- an tionchar atá ag earráidí i míreanna caipitil agus ioncaim a thaifeadadh, ar áireamh sochair agus uime sin ar an gelár comhardaithe.

- cáin bhreisluacha a thuiscint agus na prionsabail bhunúsacha den chaighdeán cuí.

- cad tá i gceist le fabhruithe, réamhíocaíochtaí agus soláthairtí a thuiscint.

- cad tá i gceist le drochfhiacha a thuiscint, conas a thagann siad i gceist agus an riachtanas atá ann soláthar a dhéanamh dóibh.

- dímheas a thuiscint agus na prionsabail bhunúsacha den chaighdeán cuí.

- caitheamh agus críonadh a thuiscint.

- dhá mhodh dímheasa a thuiscint:

- líne dhíreach agus luach laghdaitheach.

- a bheith in ann fabhruithe, réamhíocaíochtaí, drochfhiacha, soláthairtí, cáin bhreisluacha (CBL), Íoc Mar A Thuillir (IMAT) agus Árachas Sóisialach Pá Choibhneasta (ASPC), a iontráil i gcuntais mórleabhar.

- a bheith in ann leas a bhaint as cuntais chun an táille ceart don chuntas brabúis agus cailteanais a ríomh agus figiúirí brabúis agus cailteanais a ríomh ó thaobh na matamaitice.

- a bheith eolach ar chonas fabhruithe, réamhíocaíochtaí, soláthairtí, CBL, IMAT, agus ASPC a ionramháil ar an gclár comhardaithe.

- a bheith eolach ar chonas drochfhiacha aisghafa agus méadú nó laghdú i soláthar in aghaidh drochfhiach a ionramháil.

- a thuiscint gur féidir roinnt sócmhainní a athluacháil in airde.

- a bheith ábalta diúscairt sócmhainní agus breiseanna ar shócmhainní a ionramháil, agus iontrálacha cuí a ndéanamh i gcuntais chun gach ceann díobh a thaifeadadh.

- a bheith ábalta brí a bhaint as iontrálacha i mórleabhar agus comhardaithe.

- a bheith ábalta dímheas a ríomh.

### 8.3.2 Ráiteas Imréitigh Baine

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- cad tá ann agus cén fáth a ullmhaítear é?

- comparáid a dhéanamh idir ráiteas bainc agus cuntas bainc d'fhonn difríochtaí a aithint.

- an cuntas bainc a thabhairt suas chun dáta.

- ullmhúchán an ráitis imréitigh bainc.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- a thuiscint conas a thagann difríochtaí i gceist i bhfaisnéis bhainc agus i bhfaisnéis ghnó agus mar sin an riachtanas atá ann dó ráitis imréitigh bainc.

- a bheith ábalta comparáid a dhéanamh idir ráiteas bainc agus cuntas bainc.

- a bheith ábalta faisnéis atá ar iarraidh a iontráil i ngach ceann díobh.

- a bheith ábalta earráidí a dhéanann banc nó gnó a ionramháil.

- a bheith ábalta ráiteas imréitigh bainc a ullmhú.

- tuiscint a léiriú ar an eolas a chuirtear in iúl tríd an bpróiseas seo (AL).

### 8.3.3 Cuntais Rialúcháin

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- na feidhmeanna atá ag cuntais rialúcháin.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- an riachtanas atá ann do rialú a thuiscint agus tábhacht na faisnéise a bhaineann le féichiúnaithe agus creidiúnaithe a bheith ar fáil go tapaidh agus go héasca, go háirithe de réir mar a tharlaíonn fairsingiú ar ghnó.

- a bheith soiléir faoi chad as a dtagann faisnéis i leith cuntas rialúcháin.

- a bheith ábalta iontrála a dhéanamh i gcuntais rialúcháin a bhaineann le féichiúnaithe agus creidiúnaithe ó fhaisnéis atá tugtha.

- a bheith ábalta díola creidmheasa agus ceannacháin creidmheasa a aimsiú trí chuntais rialúcháin.

- a thuiscint conas a tharlaíonn go mbíonn idir iarmhéideanna dochair agus iarmhéideanna sochair - tosaigh agus deiridh - ag cuntais rialúcháin a bhaineann le féichiúnaithe agus creidiúnaithe araon agus conas mar a thagann siad seo i gceist.

- iontrálacha contra a thuiscint - conas mar a thagann siad i gceist agus conas faisnéis chuí a iontráil sna cuntais.

● a bheith ábalta iomlán na bhféichiúnaithe nó na gcreidiúnaithe a réiteach le hiarmhéideanna chuntas rialúcháin (AL).

#### 8.3.4 Cuntais Fionraí

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- feidhmeanna agus teorainneacha an chomhardaithe thrialaigh.
- earráidí a thaispeántar agus nach dtaispeántar ag an gcomhardú trialach.
- feidhm an chuntais fhionraí.
- earráidí uile a cheartú.
- tionchar earráidí ar bhrabús glan agus ar chlár comhardaithe.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

● an riachtanas atá ann do chuntais fionraí a thuiscint sa chaoi gur féidir dul ar aghaidh le cuntais deiridh.

● a bheith ábalta idirdhealú a dhéanamh idir earráidí a chuireann isteach nó nach gcuireann isteach ar an gcomhardú trialach.

● a bheith ábalta na hearráidí uile a cheartú tríd an leabhar cunta agus trí bhreacadh sa mhórleabhar.

● a bheith ábalta éifeacht earráidí a aithint ar chuntais mhórleabhar.

● a bheith ábalta cuntas fionraí a oscailt, iarmhéid tosaigh (má thugtar san) a iontráil agus iontrálacha cuí a dhéanamh chun earráidí a cheartú agus ar an gcaoi sin an cuntas fionraí a dhúnadh.

● a thuiscint cé acu earráidí a chuireann isteach ar an mbrabús glan agus cé acu a chuireann isteach ar an gclár comhardaithe.

● a bheith ábalta brabús glan a ríomh, ag cur earráidí san áireamh.

● a bheith ábalta ráiteas ar bhrabús glan ceartaithe a ullmhú agus clár comhardaithe ceartaithe, éarráidí san áireamh (AL).

#### 8.4 Trádálaithe Aonair

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

● mianach agus fairsinge chineál gnó an trádálaí aonair.

● ullmhúchán agus cur i láthair i gcás trádála, an chuntais brabúis agus cailteanais agus an chlár chomhardaithe.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

● mianach agus fairsinge chineál gnó an trádálaí aonair a thuiscint.

- a bheith ábalta a ullmhú ó shonraí atá tugtha an trádáil, an cuntas brabúis agus cailiteanais agus an clár comhardaithe.
- brabús comhlán, brabús glan agus glanfhiúchas a thuiscint.

## 8.5 Cuntasaíocht Chuideachta

### 8.5.1 **Scairchaipiteal, Cúlchistí agus Caipiteal as Iasacht**

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- cineálacha cuideachta
- cineálacha scaireanna agus cearta scairshealbhóirí
- scairchaipiteal atá údaraithe, eisiithe, glaoite agus íoctha
- mianach agus cuspóir le cúlchistí
- difríocht idir cúlchistí agus soláthairtí
- cineálacha caipitil as iasacht (bintiúir san áireamh)

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- tuiscint a léiriú ar na cineálacha éagsúla foinsí caipitil.
- a bheith ábalta na cineálacha éagsúla caipitil a chur i láthair agus a rangú ar an gclár comhardaithe.

### 8.5.2 **Ráitis Airgeadais Faoi Chuideachta Theoranta**

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- an nós imeachta cuntasaíochta chun sócmhainní a athluacháil.
- an nós imeachta cuntasaíochta chun díbhinní agus cánachas a ionramháil.
- ullmhúchán ráiteas airgeadais chuideachta (inmheánach). Leagan amach na gcuntas, le tagairt speisialta do ghrúpáil míreanna sna ráitis airgeadais.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- a bheith feasach ar na riachtanais atá ann ó thaobh dlí chun cuntais chuideachta a sholáthar.
- a bheith ábalta, ag leibhéil chuí cumais, cuntais thrádála agus cuntais bhrabúis agus chailiteanais a ullmhú do chuideachta theoranta agus iad a chur i láthair i bhformáid inghlactha.
- a bheith ábalta, ag leibhéil chuí cumais, cláir chomhardaithe a ullmhú do chuideachta theoranta agus iad a chur i láthair i bhformáid ingearach le haghaidh riachtanais inmheánaigh.
- a bheith ábalta an gaol idir na ceannteidil éagsúla i ráitis áirgeadais a aithint agus

a thuiscint.

### 8.5.3 Tuiscint ar Thuarascála Bliantúla ó Chuideachta Theoranta Phoiblí (AL)

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- eolas bunúsach faoi chearta agus dhualgais stiúrthóirí.
- tuarascáil stiúrthóirí.
- eolas bunúsach faoi fheidhmeanna an iniúcháora.
- tuarascáil iniúcháora.
- eolas bunúsach faoin tionchar a bhíonn ag na riachtanais reachtúla cuí ar ráitis airgeadais atá foilsithe.
- anailís ar thuarascála foilsithe cuideachtaí.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- a bheith feasach ar na riachtanais atá ann ó thaobh dlí cuntais chuideachta a sholáthar.
- feidhmeanna agus dualgais stiúrthóirí agus iniúcháirí chuideachta a thuiscint.
- an difríocht idir cuntais a ullmhaítear le haghaidh úsáide inmheánaigh agus le haghaidh foilseacháin a thuiscint.
- a bheith ábalta tuarascála agus cuntais chuideachta a thuiscint.
- a bheith acmhainneach chun tuarascála foilsithe bliantúla chuideachta theoranta a phlé agus a léiriú.

## 8.6 Cuntais Sainfheidhme

### 8.6.1 Cuntais Dhéantúsaíochta

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- cuspóirí an chuntais déantúsaíochta
- rangú costas
- obair ar siúl
- aistriú ag luach reatha ar an margadh

Tar éis dó (di) an rannóg seo an chríochnú ba chóir go mbeadh an mac léinn ábalta:

- cuntas déantúsaíochta a dhéanamh amach ó shonraí an chomhardaithe thrialaigh.
- teacht ar aonad costais táirgeachta.
- cinntí bainistíochta a dhéanamh bunaithe ar a bhfuil thuas.

#### 8.6.2. **Stoc**

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- luacháil stoic agus na prionsabail bhunúsacha den chaighdeán cuí.
- éifeacht luacháil stoic ar bhrabús.
- marcáil suas agus corrlach.
- láimhdeachas stoic.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- a bheith eolach ar chonas a chuirtear luach ar stoc.
- an éifeacht a bhíonn ag luacháil stoic ar bhrabús a thuiscint.
- a bheith ábalta marcáil suas agus corrlach a ríomh.
- a bheith ábalta díolacháin agus costas díolachán a ríomh ag baint feidhme as marcáil suas agus corrlach.
- a bheith ábalta stoc ar deireadh a choigeartú le haghaidh díolachán, ceannachán nó aischiur (in dhiaidh dáta an chomhardaithe thrialaigh).
- tábhacht láimhdeachas stoic a thuiscint.
- an nasc idir marcáil suas nó corrlach agus athnuachan stoic a thuiscint.

#### 8.6.3 **Cuntais Chlubanna agus Cuntais Ghnólachtaí Seirbhíse**

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- an ról a bhíonn ag cisteoir an chlub.
- an aidhm a bhíonn le taifeadadh i gclub nó i gcomhlachas neamhthrádála.
- cuntas fáltas agus íocaíochtaí.
- cuntas ioncaim agus caiteachais.
- clár comhardaithe.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- a bheith ábalta córas simplí taifeadta a leagan amach.
- na foinsí a bhaineann le sonraí atá tugtha a thuiscint go cruinn.
- a bheith ábalta cuntas fáltas agus íocaíochta miondealaithe a ullmhú ó sonraí atá tugtha.
- na costais agus na gnóthachála éagsúla a thuiscint go cruinn.
- a bheith ábalta ciste carntha nó ráiteas caipitil a ullmhú.
- a bheith ábalta cuntas ioncain agus caiteachais (coigeartaithe san áireamh) a ullmhú do Chlubanna, Chumainn agus Ghnólachtaí Seirbhíse.
- a bheith ábalta clár comhardaithe a ullmhú.
- a bheith ábalta comhairle a thabhairt don chruinniú ginearálta bliantúil faoi fhoinsí ioncain gearrthearma agus fadtéarma agus faoi ábhair airgeadais eile (AL).

#### 8.6.4 Cuntais Ranna

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- feidhm a bhaint as leabhair lae agus cuntais na ranna.
- Leithdháileadh na gcostas agus na ngnóthachán.
- Trádáil ranna, cuntas brabúis agus cailiteanais.
- Aistriú idir-rannach.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir go mbeadh an mac léinn ábalta:

- costais agus gnóthacháin a leithdháileadh ar mhodh atá inghlactha.
- trádáil rannach agus cuntais brabúis agus cailiteanais a chríochnú.
- aistriú idir-rannach a ionramháil.
- comhairle a chur ar bhainistíocht na heagraíochta faoi fheidhmiú na ranna (AL).

#### 8.6.5 Cuntais Feirme

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- an aidhm atá le cuntais feirme.
- cineálacha fiontair feirme.
- luacháil stoic.
- cuntas fáltas agus íocaíochtaí miondealaithe.
- cuntas ar anailís fhiontraíochta.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir go mbeadh an mac léinn ábalta:

- cuntas fáltas agus íocaíochtaí miondealaithe a leagan amach.
- cuntas trádála, cuntas brabús agus cailteanais, agus clár comhardaithe a chríochnú.
- cuntas ar anailís fhiontraíochta a leagan amach.
- cinntí bainistíochta a dhéanamh bunaithe ar a bhfuil thuas (AL).

#### 8.7 Taifid Neamhiomlána

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- an fáth a dtagann taifid neamhiomlána i gceist.
- ullmhúchán agus cur i láthair cuntas deiridh ghnólachtaí a bhfuil a gcuid taifead neamhiomlán, ag baint feidhme as cuntais rialúcháin.
- ullmhúchán agus cur i láthair ráiteas brabúis ó thaifid neamhiomlána, ag baint feidhme as modh an ghlanfhiúchais.
- an éifeacht a bhíonn ag tarraingtí ar chaipiteal agus ag tabhairt isteach caipitil ar ghlanfhiúchas.
- ullmhú agus cur i láthair ráiteas brabúis ó thaifid neamhiomlána ag baint feidhme as marcáil suas agus modh an chorrlaigh (AL).

Tar éis dó(di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- feidhmeanna an chórais seo a thuiscint.
- na míbhuntáistí a bhaineann leis a thuiscint.
- a bheith ábalta cuntais deiridh a ullmhú tar éis figiúirí ceannachán agus díolachán a ríomh agus ag cur san áireamh athruithe i gcaipiteal, i gcostais agus i ngnóthacháin.
- a bheith ábalta glanfhiúchas a ríomh ag tús agus ag deireadh tréimhse thrádála agus

feidhm a bhaint as na figiúirí seo chun ráitis brabúis nó caillteanais a chur le chéile.

- a bheith ábalta fabhrúithe agus réamhíocaíochtaí a aithint agus a mhíniú, idirdhealú a dhéanamh idir caiteachas príobháideach agus caiteachas gnó agus iad a mhíniú, agus tabhairt isteach caipitil a aithint.

- a bheith ábalta feidhm a bhaint as cóimheasa, céatadáin, agus sonraí atá tugtha chun figiúirí riachtanacha a ríomh d'fhonn cuntais deiridh agus clár comhardaithe a ullmhú go mion (AL).

## 8.8 Ráitis faoi Shreabhadh Airgid

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- an tábhacht a bhaineann le ráitis faoi shreabhadh airgid.
- an difríocht idir brabús agus airgead.
- an difríocht idir míreanna ina dtagann agus nach dtagann gluaiseacht airgid i gceist.
- na foinsí difriúla atá ag insreabhadh airgid isteach agus ag eis-sreabhadh airgid.
- an tionchar atá ag gluaiseacht i gcaipiteal oibre ar shreabhadh airgid thirim.
- ráitis shimplí faoi shreabhadh airgid a ullmhú.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- an tábhacht a bhaineann le ráitis/sonraí faoi shreabhadh airgid a thuiscint.
- a bheith ábalta an difríocht idir brabús agus airgead a mhíniú.
- a bheith ábalta míreanna nach dtagann gluaiseacht airgid i gceist a aithint agus a ionramháil.
- a bheith ábalta foinsí insreabhadh airgid isteach agus foinsí eis-sreabhadh airgid a aithint agus a rangú.
- a bheith ábalta ráiteas simplí faoi shreabhadh airgid a ullmhú.
- a bheith ábalta comhairle a chur ar an mbainistíocht faoi shuíomh na heagraíochta ó thaobh airgid agus feidhm á baint as ráitis faoi shreabhadh airgid (AL).

## 8.9 Anailís agus Léirmhíniú ar Ráitis Airgeadais

Cuirfear in aithne don mhac léinn:

- an cuspóir a bhíonn le hanailís agus léirmhíniú ar ráitis airgeadais.

- sainmhíniú, áireamh agus ról chóimheasa cuntasaíochta.
- úsáideoirí agus a leas i gcóimheasa cuntasaíochta.
- teorainneacha atá le hanailís chóimheasa.
- rangú cóimheasa.

- cóimheasa brabúsachta agus éifeachtachta
- cóimheas caipitil oibre
- cóimheasa leachtachta/sócmhainneachta
- cóimheasa gearála
- cóimheasa infheistíochta

- ciall á bhaint as cinneadh anailís chóimeasa.
- tuarascála a chur i láthair (AL).

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- an ról agus na teorainneacha a bhaineann le hanailís chóimheasa a thuiscint.
- a bheith ábalta cóimheasa agus céatadáin a ríomh.
- a bheith ábalta, ag leibhéal chúí cumais, cuntas mínithe a thabhairt ar chóimheasa.
- a bheith ábalta tuairiscí a scríobh ag déanamh tagairt do na buanna agus do na laigí airgeadais d'oibríochtaí trádála chuideachta, agus do bhainistíocht airgeadais ar chaipiteal oibre agus ar chistí fadtéarma (AL).

#### 8.10 Cuntasaíocht Bhainistíochta

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- mianach agus réimse chuntasaíocht bhainistíochta.
- an gaol idir cuntasaíocht bhainistíochta agus cuntasaíocht airgeadais.
- an ról atá ag cuntasaíocht bhainistíochta in eagraíocht.
- rangú costas.
- Costais a bhaineann le déantúsaíocht agus costais nach mbaineann le déantúsaíocht
- Costais dhíreacha agus indíreacha
- Costais táirgí agus costais tréimhse

- Costais sheasta agus athraitheacha
- Costais chéimathraitheacha, chéimsheasta agus mheasctha (AL)
- Costais inrialaithe agus dosmachtaithe (AL)
- Costáil Tairgí
- Anailís Bhrabúis, Chostais-Mhéid coincheap an chion tairbhe, pointe meá ar mheá, lámháil sábháilteachta, cairteacha mheá ar mheá, teorainneacha
- Anailís Íogaireachta (AL)
- Pleanáil Bhuiséadach agus Rialú Buiséid.
- Mianach, cuspóirí agus buntáistí buiséadaithe
- An ról atá ag bainistíocht i gceapadh buiséid agus an phríomhthoisic buiséid a aithint
- An máistirbhuiséad agus fobhuiséid tacaíochta a ullmhú , ag cur na nithe seo a leanas san áireamh - díolacháin, táirgeadh, amhábhair, ceannacháin, saothar díreach, forchostas monarchan, costas neamh-mhonorchan agus buiséid an stoic ar deireadh. Buiséadú airgid. Cuntas brabúis agus cailleanais agus clár comhardaithe buiséadaithe.
- Cás iarbhír a chur i gcomparáid leis an mbuiséad
- Buiséadú solúbtha (AL).

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- a bheith ábalta cuntasáiocht bhainistíochta a shainmhíniú agus an gaol atá aici le cuntasáiocht airgid a léiriú.
- a bheith ábalta na cineálacha éagsúla de ghréasáin iompraíochta costas ar féidir leo teacht i gceist in eagraíocht a phlé.
- a bheith ábalta pointí meá ar mheá, corrlach cion tairbhe agus lámháil sábháilteachta a ríomh agus cairt mheá ar mheá a tharraingt.
- a bheith ábalta costas táirge a ríomh.
- a bheith ábalta máistir buiséid a ullmhú chomh maith le fobhuiséid.
- a bheith ábalta an tábhacht a bhaineann le rialú buiséid in eagraíocht a léiriú (AL).

8.11 Teicneolaíocht an Eolais agus Feidhmiúcháin Ríomhaire i gCuntasaíocht  
(Féach Nóta)

Cuirtear in aithne don mhac léinn:

- an tábhacht a bhaineann le teicneolaíocht an eolais i dtimpeallacht na cuntasaíochta  
Leagfar béim ar leith ar úsáid scarbhileog agus réimsí sonracha den siollabas  
cuntasaíochta a n-ionramháil.

Tar éis dó (di) an rannóg seo a chríochnú ba chóir don mhac léinn:

- eolas sách oiriúnach a bheith aige/aici ar an ról atá ag ríomhairí agus ag  
teicneolaíocht an eolais i ngnó na linne seo.

- a bheith ábalta feidhm a bhaint as ríomhairí chun ceistanna a fhreagairt ó réimsí  
sonracha an tsiollabais.